

Barúlacha Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Roberta Metsola, ag an gComhairle Eorpach an 23 agus 24 Meitheamh 2022, an Bhruiséil

Bhí an saol dian le roinnt míonna anuas. Tá aghaidh á tabhairt againn ar Rúis ionsaitheach a bhfuil na rialacha caite san aer aici. Tá gach Stát - gach ceannaire - faoi bhrú gan fasach:

- seasann an boilsciú ag leibhéil nach bhfacthas cheana;
- mar thoradh ar ghéarchéim fuinnimh tá an soláthar ag dul i léig agus costais ag dul in airde;
- tá fíorbhaol ann go dtarlóidh gorta domhanda mar gheall ar ghanntanais bhia;
- is ag dul in olcas atá an tionchar sóisialta ar na daoine is leochailí inár sochaithe - nach bhfuil ach ag teacht as paindéim a mhair dhá bliain;
- tá margáí luaineacha ag spreagadh na héiginnteachta;
- le bréagaisnéis na Rúise, tá an pobalachas, an náisiúnachas agus an leithliseachas á mbrú chun cinn,

Ní mór dúinn seasamh le chéile an tráth cinniúnach seo. Cé nach muidne a roghnaigh go mbeadh an scéal mar atá, níl aon dul as ach aghaidh a thabhairt air.

Tuigim nach bhfuil aon fhreagraí ná aon chinntí éasca ann, ach níl aon amhras ach go bhfuil freagraí agus cinntí míchearta ann, nach mór dúinn a sheachaint.

Agus bheadh sé mícheart mar chinneadh, ó thaobh na staire de, mura mbeimis tar éis stádas mar iarrthóir a thabhairt don Úcráin agus don Mholdóiv inniu, nó peirspictíocht shoiléir a thabhairt don tSeoirsia.

Stádas mar Iarrthóir

Is cinneadh é atá inchosanta, riachtanach, indéanta, agus is geal liom a fheiceáil go bhfuil comhdhearcadh bainte amach againn uile anseo ina leith. Is lá stairiúil é an lá inniu!

Ní bhaintear ballraíocht AE amach thar oíche, bhíomar macánta faoi sin i gcónaí, ach ciallaíonn stádas mar iarrthóir go spreagfar clár oibre athchóirithe gan fasach, go mbeidh rochtain ar fáil ar chláir, agus ar bhonn níos suntasaí ciallaíonn sé go ndéanfar dóchas na ndaoine atá ag fulaingt san Úcráin, agus na ndaoine atá buartha sa Mholdóiv, a réadú ina dhul chun cinn inbhraite. Agus ba cheart dúinn a bheith soiléir nach gníomh siombalach é seo, neartóidh sé an tAontas agus neartóidh sé an Úcráin agus an Mholdóiv. Léireoidh sé dár bpobail, agus dá bpobail, nach caint san aer iad na luachanna seo againne. Gur féidir toradh nithiúil a bheith ar an dóchas. Agus maidir leis na tíortha eile atá ag fanacht - na tíortha sna Balcáin Thiar - ní mór dóibhsean a fheiscint go dtagann torthaí as an dóchas. Is mithid gníomhú anois.

Tuirse Cogaidh

Níor cheart glacadh leis gurb é dearcadh an phobail a leanfaidh ag spreagadh ár ngníomhartha chun tacú leis an Úcráin ná níor cheart fairsinge thionchar na Rúise a ghannmheas. Ní mór dúinn a admháil go bhfuil tuirse ar an bpobal anois, tuirse atá á spreagadh ag na mboilsciú, go bhfuil seasmhacht ár saoránach i leith an tionchair shóisialta agus eacnamaíoch ag meath den chuid is mó agus nach foláir dúinn brú ar ais níos láidre ina choinne. Ní mór dúinn cur i gcoinne insint na Creimile, gan páirt a ghlacadh san eagla a scaipeann sí.

Ní ar an gComhaontú Glas an locht go bhfuil na praghsanna ag dul in airde ná go bhfuil an boilsciú cóngarach do 20% i roinnt cásanna. Ní ar ár smachtbhannaí an locht go bhfuil difear mór á dhéanamh don chumhacht cheannaigh. Tá an scéal amhlaidh mar go dteastaíonn níos mó tionchair ón gCreimil. Tá an scéal amhlaidh mar go bhfuil Stáit vasáilleacha ag teastáil uathu mar bhuntáiste. Tá an scéal amhlaidh mar go bhfuil siad den tuairim gur coincheap leochaileach é an daonlathas agus go lagaíonn an daonlathas Stáit. Tá a fhios againn gurb é a mhalairt glan atá fíor.

An Aeráid agus Fuinneamh

Bheadh sé mícheart mar chinneadh titim le fána i ndáil lenár spriocanna aeráide meántéarmacha agus factéarmacha. Níl aon cheist ach nach mór dúinn muid féin a shaoradh ó fhuinneamh Rúiseach, deireadh a chur le hoileáin fuinnimh Eorpacha agus ár neamhspleáchas fuinnimh a dhaingniú - cad is féinriail straitéiseach ann gan é? - Chomh maith céanna, ní féidir linn dul siar ar ghealltanais a thugamar do ghlúin iomlán. Baineann sé leis an tslándáil chomh maith leis an gcomhshaol. Mar sin, impím oraibh a áirithiú nach mbeidh bearta láithreacha, gearrthéarmacha ina gcuid den ghnáthshaol nua.

Boilsciú, tionchar sóisialta agus eacnamaíoch

Bheadh sé mícheart mar chinneadh beag is fiú a dhéanamh de chúiseanna inní maidir le costais ag ardú agus boilsciú a bheith ina bhfeiniméin nach mairfidh ach seal nó glacadh leis gur in olcas a rachaidh an scéal. I roinnt mhaith Stát níl an buaicphointe sroichte fós. Tá gá againn le cur chuige seasta, soiléir agus aontaithe a léiríonn go bhfuilimid go léir sa bhád céanna. Níl aon réiteach aonstáit amháin ann ar an tionchar sóisialta agus eacnamaíoch atá i ndán dúinn. Níor cheart aon réiteach a chur as an áireamh.

Smachtbhannaí agus cúnamh don Úcráin

I gcomhthráth, ní mór dúinn dlús a chur le soláthar an chúinimh mhíleata, dhaonna agus airgeadais don Úcráin. Agus ní mór dúinn dul chun cinn a dhéanamh maidir le smachtbhannaí.

Bíonn smachtbhannaí úsáideach i gcás ina gcuirtear chun feidhme i gceart iad, agus maidir leis sin ní mór dúinn tús a chur leis an gcéad phacáiste eile de smachtbhannaí, lúba ar lár a dhúnadh, agus smachtbhannaí a leathnú más gá. Agus is gá, mar go bhfuil an Rúis ag dul sa seans go ngéillfimid ar dtús. Tá siad den tuairim go gclisfidh ar ár n-aontacht mar gheall ar an mbrú atá á chothú acu inár sochaithe agus go mbeidh siad in ann filleadh ar chuirtní iarainn agus ar réimsí tionchair. Filleadh ar ‘sinne’ agus ‘iadsan’, filleadh ar an tuairim go ‘gcloíonn neart ceart’. Tá an iomarca bainte amach ag an Eoraip le go ligfimis na maidí le sruth, agus tá an brú ar an Rúis ag fás freisin.

Slándáil bia

Ní mór dúinn brú ar ais i gcoinne na bréagbholscaireachta ciniciúla ón Rúis, atá ag maíomh gur ar ghníomhartha na hÚcráine nó ar smachtbhannaí AE atá an locht go bhfuil géarchéim slándála bia ar na bacáin. Is ar an ionsaitheoir atá an milleán ar fad.

Ag an bpointe seo, is mian liom an Coimisiún agus na Ballstáit a mholadh as a n-iarrachtaí maidir le tionscnamh na Lánaí Dlúthpháirtíochta. Ba cheart dúinn iad a mhéadú chun dul i ngleic le baic lóistíochtúla.

An imirce

Agus aghaidh á tabhairt againn ar an Oirthear, níor cheart dúinn an tionchar a bheidh ag an gcogadh seo ar ár gcomharsanacht sa Deisceart freisin a ghanmheas. Ní mór dúinn a bheith ullamh chun lámh chúnta a thabhairt nuair a thosóidh na sruthanna d’imircigh ag dul i méid arís, ionas nach dtiocfaidh sé aniar aduaidh orainn. Is cúis inní dom é go mbeidh cúinsí ann go luath ar féidir iad a thuar go hiomlán agus fós féin nach mbeimid réidh dóibh ar chor ar bith. Tá réitigh ann a d’fhéadfadh cuidiú linn san uile-ghéarchéim sin, uile-ghéarchéim ina mbeidh daoine ina bhfichillíní i gcluichí geopholaitiúla.

Todhchaí na hEorpa

Maidir le Todhchaí na hEorpa: Ní mór dúinn a bheith uaimhianach. Is féidir linn feabhas a chur ar acmhainn an Aontais gníomhú i réimsí ríthábhachtacha amhail sláinte, fuinneamh, cosaint agus bunluachanna. Tá an Pharlaimint ullamh gníomhú, mar is léir ón dá rún seo. Níor cheart neamhaird a dhéanamh díobh. Bheadh coinbhinsiún ina chéad chéim loighciúil eile. Tuigim go bhfuil daoine áirithe drogallach, ach is é seo an chaoi a mbeimid in ann an comhrá a choinneáil ar siúl maidir lenár

dtionscadal Eorpach. Ní mór dúinn amharc ar an gcaoi a bhfeidhmímid agus a fháil amach conas is féidir linn déanamh níos fearr.

Tá Parlaimint na hEorpa ullamh chun aghaidh a thabhairt ar ár ndúshláin. Agus tá sí ullamh déanamh amhlaidh i gcomhpháirt leis na hInstitiúidí agus leis na Ballstáit.